2007. M50T

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2007

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

# CEOL – ARDLEIBHÉAL
## CUMADÓIREACHT (100 marc)
## DÉARDAOIN 21 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 3.30

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na Marcanna

| CEIST | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- *Scríobhtar do scrúduimhir, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- *Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh sa fhreagarleabhar seo.*
- *Is féidir leas a bhaint as na spásanna i lár agus i ndeireadh an fhreagarleabhair do shracobair.*

| | |
|---|---|
| **1. Suim na n-iomlán deireadh leathanaigh** | |
| **2. Móriomlán na gceisteanna nár ceadaíodh** | |
| **3. An t-ollmharc cruinn a bronnadh (1 lúide 2)** | |

**Freagair DHÁ cheist – CEANN AMHÁIN as Roinn A (Cumadóireacht Séise) agus CEANN AMHÁIN as Roinn B (Armóin)**

## ROINN A – CUMADÓIREACHT SÉISE (40 marc)

*Gan ach* CEIST AMHÁIN *a fhreagairt sa roinn seo*: C1 *nó* C2 *nó* C3

### C.1 LEANÚINT D'OSCAILT A THUGTAR

• Lean ar aghaidh leis an oscailt thíos chun séis 16 bharra a dhéanamh.

• Bíodh modhnú go dtí an ceannasach san áireamh ag pointe oiriúnach.

• Cuir treoracha ceolchasaidh cuí (míriú agus dinimic) leis an tséis.

• Roghnaigh uirlis oiriúnach le haghaidh do shéise as an liosta seo a leanas:

❐ fliúit ❐ veidhlín ❐ óbó ❐ corn




**(40)**

## C.2 CEOL A CHUR LE TÉACS A THUGTAR

Seo sliocht as *Is Eagal Liom* le Dubhghlas de hÍde.

Is eagal liom gur danaid leat mo ghrá,
Is eagal liom nach dílis tú mar ’táim,
Is eagal liom go bhfuil do ghean ag trá,
’s níl síth ná suit dá dheasca san im’ lár.

- Cuireadh ceol leis an gcéad líne thíos.

- Cuir ceol leis na focail eile chun séis 16 bharra a dhéanamh. (Is féidir níos mó ná an líon seo barraí a bheith ann, agus modhnú a chur san áireamh, más mian leat.)

- Cuir treoracha ceolchasaidh cuí (míriú agus dinimic) leis an tséis.




**(40)**


**C.3 CUMADÓIREACHT DO RITHIM NÓ DO MHEADARACHT NÓ D'FHOIRM DAMHSA A THUGTAR**


Tugtar mír oscailte minite thíos.

- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis 16 bharra a dhéanamh.
- Bain úsáid as an bhfoirm $AA^1BA^2$.
- Bíodh modhnú go dtí an ceannasach san áireamh ag pointe oiriúnach.
- Cuir treoracha ceolchasaidh cuí (míriú agus dinimic) leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis oiriúnach le haghaidh do shéise as an liosta seo a leanas:

❒ fliúit ❒ óbó ❒ piccolo ❒ veidhlín

**Tempo di minuetto**





**(40)**

**ROINN B – ARMÓIN (60 marc)**


*Gan ach* CEIST AMHÁIN *a fhreagairt sa roinn seo*: C4 *nó* C5 *nó* C6

## C.4 CUMADÓIREACHT NÓTAÍ SÉISE AGUS DOIRD Ó SHRAITH CORDAÍ

RÉAMHOBAIR

• Rianaigh na cordaí atá ar fáil i mórghléas E♭ i ngreille an chordbhainc *nó* ar an gcliath thíos.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | B♭<br>G<br>E♭ | | D<br>B♭<br>G | | | | A♭<br>F<br>D |
| Siombail an chorda | E♭ | | Gm | | | | Ddim |
| Uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |




**SRACOBAIR**

| | |
|---|---|
| B | |
| BQ | |
| MEL | |

• Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo a leanas.

• Agus tú ag baint úsáide as na cordaí a thaispeántar, cum nótaí séise agus doird chun an dréacht a chomhlánú sa stíl a thugtar.





**(60)**

## C.5 CUMADÓIREACHT DORDNÓTAÍ AGUS COMHARTHAÍ CORDA D'FHONN A THUGTAR

RÉAMHOBAIR

- Rianaigh na cordaí atá ar fáil i mórghléas D i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos.

| Nótaí an chorda | A<br>F♯<br>D | | C♯<br>A<br>F♯ | | | | G<br>E<br>C♯ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siombail an chorda | D | | F♯m | | | | C♯dim |
| Uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii |




**SRACOBAIR**

| | |
|---|---|
| C | |
| CH Q | |
| B | |
| BQ | |

Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo a leanas agus cuir isteach dordnótaí oiriúnacha agus comharthaí corda i stíl na hoscailte a thugtar.

- *Ná* bíodh an corda céanna *sa suíomh céanna* i mboscaí cóngaracha.
- Is féidir úsáid a bhaint as siombailí corda nó uimhreacha Rómhánacha, ach ná baintear úsáid astu araon.
- Má roghnaíonn tú uimhreacha Rómhánacha, bain úsáid as *mionuimhreacha* do na *mion*chordaí.





**(60)**

**C.6 CUNTRASHÉIS NÓ FORSHÉIS AGUS CORDAÍ TACAÍOCHTA A CHUR LE FONN A THUGTAR**

RÉAMHOBAIR

• Rianaigh na cordaí atá ar fáil i mionghléas D i ngreille an chordbhainc *nó* ar an gcliath thíos.

| Nótaí an chorda | A<br>F<br>D | | C♯<br>A<br>F | | | | G<br>E<br>C♯ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siombail an chorda | Dm | | $F_{aug}$ | | | | $C♯_{dim}$ |
| Uimhir Rómhánach | i | ii | III | iv | V | VI | vii |




**SRACOBAIR**

| | |
|---|---|
| CH | |
| CAD | |
| DESC | |

• Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo a leanas.

• Cuir isteach comharthaí corda oiriúnacha sna boscaí atá ann dóibh agus lean le páirt na forshéise sa stíl a thugtar chun an dréacht a chomhlánú.

• Is féidir úsáid a bhaint as siombailí corda nó uimhreacha Rómhánacha, ach ná baintear úsáid astu araon.

• Má roghnaíonn tú uimhreacha Rómhánacha, bain úsáid as *mionuimhreacha* Rómhánacha do *mhion*chordaí.

• Ná cuir isteach an corda céanna sa *suíomh céanna* i mboscaí cóngaracha.




**(60)**

**LEATHANACH BÁN**